# 23 Feidhmíocht chiste eascró Apple na hÉireann

**23.1** Is ciste ilbhilliún euro é ciste eascró Apple na hÉireann a shealbhaítear faoi théarmaí comhaontaithe fhoirmiúil idir an tAire Airgeadais (an tAire) agus Apple Sales International Limited agus Apple Operations International Limited (dá ngairtear Apple i gcomhpháirt anseo feasta), go dtí go mbeidh toradh deiridh na n-agóidí dlíthiúla ar thorthaí imscrúdaithe Státchabhrach arna dhéanamh ag an gCoimisiún Eorpach (an Coimisiún).

**23.2** Déanann an tAire agus Apple comh-mhaoirseacht ar infheistíocht agus ar bhainistiú an chiste. Tharmlig an tAire a fheidhmeanna chuige sin chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA).

## Bunús an chiste eascró

**23.3** I mí an Mheithimh 2014, d'oscail an Coimisiún nós imeachta imscrúdaithe fhoirmiúil ar na tuairimí cánach a d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim chuig Apple in 1991 agus in 2007. Bhí an t-imscrúdú dírithe ar a fháil amach cé acu a thug na tuairimí seo aon bhuntáiste do Apple i gcomparáid lena iomaitheoirí, nó nár thug, sa chaoi gur Státchabhair a bhí iontu.

**23.4** I mí Lúnasa 2016, d'eisigh an Coimisiún a chinneadh agus é ag teacht ar an gconclúid gur thug Éire Státchabhair neamhdhleathach do Apple.[1] D'ordaigh an Coimisiún d'Éirinn an Státchabhair líomhnaithe móide ús a aisghabháil ó Apple, a bhain le tréimhse deich mbliana ó 2003 go 2014.[2]

**23.5** Ríomh na Coimisinéirí Ioncaim gurbh ionann an Státchabhair líomhnaithe a bhí le bailiú faoi threoir chinneadh an Choimisiúin agus €13.1 billiún móide ús €1.2 billiún.[3] Rinne Rialtas na hÉireann agus Apple araon achomharc ar chinneadh an Choimisiúin, agus d'aontaigh siad go gcoinneofaí na méideanna aisghafa i gciste eascró go dtí go gcuirfear an próiseas dlíthiúil i gcrích. D'aistrigh Apple €14.3 billiún isteach sa chuntas eascró in 2018.

**23.6** I mí Iúil 2020, neamhnigh Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh cinneadh an Choimisiúin gur dheonaigh Éire Státchabhair neamhdhleathach do Apple. Thaisc an Coimisiún achomharc in aghaidh bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta.

**23.7** D'fhoilsigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a breithiúnas deiridh ar an gcás i mí Mheán Fómhair 2024. Go hachomair, chuir an Chúirt Bhreithiúnais breithiúnas na Cúirte Ginearálta ar leataobh agus dheimhnigh sí cinneadh an Choimisiúin in 2016 gur dheonaigh Éire cabhair neamhdhleathach do Apple, rud nach mór di a aisghabháil.[4]

**23.8** D'ordaigh an Chúirt freisin d'Éirinn agus do Apple a gcostais féin a íoc sna himeachtaí dlí, agus na costais a thabhaigh an Coimisiún Eorpach a íoc.

**23.9** Trí na méideanna aisghafa a chur i gciste eascró, bhí na páirtithe eascró (an tAire agus Apple) in ann a chinneadh i gcomhpháirt conas a infheistítear na méideanna sin go dtí go dtabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a breithiúnas deiridh, agus úinéir deiridh an chiste á chinneadh. Déanfar athbhreithniú ar an bpróiseas chun na cistí sa chuntas eascró a eisíoc mar chuid den iniúchadh ar ráitis airgeadais 2024 an chuntais.

1 Cinneadh ón gCoimisiún maidir le Státchabhair SA.38373, an 30 Lúnasa 2016.

2 Airteagal 9, Caibidil V de Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún, an 21 Aibreán 2004. Is é cás Apple an t-aisghabháil státchabhrach is mó a ordaíodh riamh.

3 Tá na méideanna sa tuarascáil seo slánaithe.

4 An Coimisiún v Éire agus Breithiúnas Apple, an 10 Meán Fómhair 2024.

## Maoirseacht agus bainistiú ar an gciste

**23.10** Déantar achoimre in Iarscríbhinn 23A ar na socruithe maidir le maoirseacht, bainistiú agus monatóireacht ar an gciste.

**23.11** Tá prionsabail agus paraiméadair infheistíochta an chiste eascró leagtha amach sa bheartas infheistíochta. Is é cuspóir an bheartais infheistíochta luach caipitil an chiste a choinneáil a mhéid is féidir i bhfianaise na ndálaí margaidh atá i réim. Tá an inghlacthacht riosca chomhaontaithe i leith an chiste eascró 'íseal', agus ní cheadaítear infheistíochtaí ach amháin in urrúis a bhfuil leibhéal íseal riosca bhunúsaigh acu, amhail urrúis ardrátáilte ghearrthéarmacha agus mheántéarmacha ar ioncam seasta. Déanann an coiste infheistíochta athbhreithniú tréimhsiúil ar oiriúnacht leanúnach an bheartais infheistíochta.[1] Tá sé ráite ag NTMA nach bhfuil aon athruithe déanta ar an mbeartas infheistíochta ó thosaigh an ciste ag infheistiú in 2018.

**23.12** Tá an ciste eascró nochta d'éagsúlacht rioscaí margaidh, leachtachta agus creidmheasa. Féachann an clár bainistíochta riosca don chiste le héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag na rioscaí ar a fheidhmíocht airgeadais a íoslaghdú.

## Feidhmíocht an chiste eascró

**23.13** Ullmhaítear ráitis airgeadais an chiste eascró de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS), de réir mar a ordóidh an tAire. Déantar sócmhainní airgeadais uile an chiste eascró a luacháil sna ráitis airgeadais ar luach cóir, arb é an luach margaidh luaite ag deireadh na trádála ar an dáta deiridh tréimhse é.

**23.14** I gcomhréir leis an mbeartas infheistíochta, infheistítear an ciste eascró in urrúis ioncaim sheasta ardrátáilte atá ainmnithe in euro, nó coinnítear é mar airgead tirim agus mar choibhéisí airgid thirim. Áirítear le hurrúis ioncaim sheasta bannaí ceannasacha, bannaí garcheannasacha agus bannaí corparáideacha. Áirítear le hairgead tirim agus le coibhéisí airgid thirim airgead tirim agus infheistíochtaí gearrthéarmacha eile (le haibíochtaí trí mhí nó níos lú).

**23.15** An 31 Nollaig 2023, coinníodh sócmhainní iomlána €13,794 milliún sa chiste eascró, ar infheistíodh thart ar 45% díobh i sócmhainní airgeadais agus a raibh 55% díobh i seilbh in airgead tirim agus i gcoibhéisí airgid thirim. Is ionann é sin agus athrú suntasach ó dheireadh 2022, nuair a infheistíodh 82% de na sócmhainní iomlána i sócmhainní airgeadais agus 18% in airgead tirim agus i gcoibhéisí airgid thirim (féach Fíor 23.1). Bhí an infheistíocht mhéadaithe in urrúis ghearrthéarmacha ag súil le breithiúnas deiridh na Cúirte Breithiúnais ar an gcás.


**23.16** Mhéadaíodh glansócmhainní an chiste in 2023 faoi €400 milliún go €13,774 milliún — an chéad bhliain a taifeadadh gnóthachan (féach Fíor 23.2).[2] Tharla an méadú ar luach an chiste le linn na bliana mar thoradh ar thimpeallacht an ráta úis níos airde, agus bhí an t-ioncam agus na sreafaí airgid méadaithe go príomha mar thoradh ar shealbhú agus athinfheistiú sócmhainní ag torthaí níos airde.

**23.17** Thabhaigh an ciste eascró costais oibriúcháin €6 milliún in 2023 (2022: €6 milliún) a bhaineann go príomha le táillí bainisteoirí infheistíochta agus táillí gníomhaire/caomhnóra eascró.

1 Tá an coiste infheistíochta, a bhfuil NTMA ina chathaoirleach air, comhdhéanta de thriúr ionadaí NTMA agus triúr ionadaí Apple.


2 Is é an difríocht idir sócmhainní iomlána agus glansócmhainní ná dliteanais an chiste atá gan íoc ag deireadh na bliana.

**Fíor 23.1 Dáileadh shócmhainní an chiste eascró de réir luacha — 2018 go 2023**




Foinse: Ráitis Airgeadais Chiste Eascró Apple na hÉireann, 2018 go 2023


**Fíor 23.2 Gluaiseacht i nglansócmhainní an chiste — 2018 go 2023**




Foinse: Ráitis Airgeadais Chiste Eascró Apple na hÉireann, 2018 go 2023

Nóta: a Baineann coigeartuithe tríú tír leis an áit a raibh ar Apple cánacha a íoc i ndlínse eile maidir le cuid de na brabúis a chumhdaítear le cinneadh na cúirte. Cinneann an tAire Airgeadais bailíocht aon iarratas coigeartaithe tríú tír a dhéanann Apple de réir an chreataghníomhais eascró.

## Iarscríbhinn 23A Maoirseacht, bainistiú agus monatóireacht ar an gciste eascró[a,b,c]




Foinse: Ráitis Airgeadais Chiste Eascró Apple na hÉireann, 2023. Anailís ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:

a Is é ról Bhanc Nua-Eabhrac Mellon, Brainse Londain (BNYM) mar ghníomhaire eascró agus caomhnóir cuntais bhainc/urrúis esascró a oscailt agus a chothabháil chomh maith leis na cistí eascró a shealbhú, a chur i bhfeidhm agus a réadú de réir téarmaí agus coinníollacha chomhaontú an ghníomhaire/chaomhnóra eascró.

b Tá na bainisteoirí infheistíochta — Amundi Asset Management, BlackRock (An Ísiltír) BV agus Goldman Sachs Asset Management International — freagrach as infheistíochtaí a bhainistiú i gcomhréir le sainordú bainisteoir infheistíochta chun caipiteal an chiste a choinneáil a mhéid is féidir i bhfianaise na ndálaí margaidh atá i réim.

c Tá an ciste eascró i seilbh BNYM, mar ghníomhaire eascró agus mar chaomhnóir. Déanann an tAire Airgeadais agus Apple comh-mhaoirseacht ar infheistíocht agus ar bhainistiú an chiste eascró trí choiste infheistíochta. Is é an tAire an t-úinéir tairbhiúil ar feadh ré an chiste eascró de réir an chreataghníomhais eascró chomhaontaithe.